Bileog 5.1 Cén tslí bheatha atá agat?

Cuid A

Féach ar an liosta seo de phoist éagsúla. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca thíos?

oibrí monarchan, bainisteoir, dlíodóir, cuntasóir, freastalaí, aisteoir, fiaclóir, ealaíontóir, dochtúir, banaltra, rúnaí, tógálaí, meicneoir, iriseoir, garda/póilín, fear an phoist/bean an phoist, fear gnó/bean ghnó.

A – Cinnte (Tá tú cinnte cad is brí leo)	**B – Idir eatarthu** (Is féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí)	**C – Éiginnte** (Níl a fhios agat cad is brí leo)

Anois labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na focail chéanna ar eolas agaibh. An féidir libh smaoineamh ar phost ar bith eile le cur leis an liosta?

Cuid B

An féidir libh na poist ar chlé a cheangal leis na háiteanna oibre ar dheis? Tá ceann amháin déanta daoibh.

fear gnó	amharclann
dochtúir	meánscoil
múinteoir bunscoile	garáiste
cuntasóir	ospidéal
oibrí monarchan	ollscoil
bean an phoist	comhlacht
múinteoir meánscoile	oifig an phoist
freastalaí	bialann
aisteoir	bunscoil
meicneoir	banc
léachtóir	monarcha

Cuid C

Cuir leis an liosta thuas más féidir!

© ÓÉ MáNuad

Bileog 5.2 Is bainisteoir mé

Don Mhúinteoir!

Fear gnó	**Comhlacht**
Dochtúir	**Ospidéal**
Múinteoir bunscoile	**Bunscoil**
Bean an phoist	**Oifig an phoist**
Aisteoir	**Amharclann**

© OÉ Má Nuad

Cuntasóir	**Banc**
Oibrí monarchan	**Monarcha**
Freastalaí	**Bialann**
Meicneoir	**Garáiste**
Léachtóir	**Ollscoil**

© OÉ Má Nuad

Bileog 5.3 Tá mé ag obair i mbialann

Don Mhúinteoir!

Freastalaí

Rúnaí

Banc

Cuntasóir

Aisteoir

Banaltra

Múinteoir bunscoile

Oifig

Caife

Meicneoir

Bean ghnó

Monarcha

Dochtúir

Léachtóir

© OÉ Má Nuad

Bileog 5.4 Tá mé féinfhostaithe!

Cuid A

Féach ar na focail thíos agus pléigh cad is brí leo leis an duine in aice leat.

féinfhostaithe			
		ag lorg poist	
sealadach	**gnóthach**		**buan**
	éirithe as/ar pinsean	**dífhostaithe**	

Cuid B

Anois léigí a bhfuil le rá ag na daoine thíos. Cad iad na focail/frásaí sa bhosca is fearr a dhéanann cur síos ar a bhfuil le rá acu?

Rory

Is mise Rory. Tá mé cúig bliana is tríocha. Bhí post sealadach agam ag obair i monarcha ach chaill mé mo phost trí mhí ó shin.

_____

Póilín

Dia daoibh. Mise Póilín. Tá mo chomhlacht féin agam agus is breá liom bheith ag obair dom féin.

_____

Siobhán

Is mise Siobhán. Tá mé sé bliana is seasca. Bhí post buan agam ag obair mar mhúinteoir bunscoile. Níl mé ag obair níos mó.

_____

Seán

Haigh, mise Seán. Is freastalaí mé ach ní maith liom mo phost ar chor ar bith. Tá mé ag obair i mbialann Iodálach agus tá an bhialann gnóthach an t-am ar fad.

_____

Cuid C

An bhfuil frása ar bith eile a bhaineann le stádas oibre ar eolas agaibh?

© OÉ Má Nuad

Bileog 5.5 Máire agus Jan

Cuid A

Léigh an píosa seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile. Tá an ghluais ann le cuidiú libh.

Jan i ngrá . . .

Ta aithne ag Jan agus Máire ar a chéile anois le cúpla seachtain anuas. Chas siad le chéile ag bainis dheirfiúr Mháire. Bhí cúpla coinne acu le chéile go dtí seo agus tá Jan go huile agus go hiomlán i ngrá le Máire. Tá Jan ag freastal ar ranganna Gaeilge agus téann sé amach le pionta a ól leis an rang gach seachtain. Tá a mhúinteoir Gaeilge ina shuí in aice le Jan agus tá sé ag éisteacht le Jan ag caint faoi Mháire. . .

I ngrá – in love
Coinne – date
Ag freastal ar – attending
In aice le – beside

Cuid B

Anois éist leis an téip agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cá bhfuil Máire ina cónaí?

_____

2. Cén post atá aici?

_____

3. Cén fáth nach mbíonn sí i mBaile Átha Cliath i gcónaí?

_____

4. Cad atá le rá ag an mhúinteoir faoin chaidreamh?

_____

© OÉMá Nuad

Bileog 5.6 An dtaitníonn do phost leat?

Cuid A

Sula n-éisteann tú leis an téip cuir an comhrá thíos san ord ceart trí na huimhreacha 1-4 a chur roimh gach pointe:

- Ní thaitníonn. Tá strus ag baint leis.
- An dtaitníonn do phost leat?
- An dtaitníonn do phost leatsa?
- Taitníonn. Tá sé suimiúil agus tá mo chomhoibrithe go deas.

Anois éist leis an téip le feiceáil an raibh an ceart agat.

Cuid B

Tabharfaidh an múinteoir pictiúr de phost duit. Siúil timpeall an ranga agus cuir ceist ar dhaoine eile sa rang cén post atá acu agus an dtaitníonn a bpost leo. Faigh amach cén fáth a dtaitníonn nó nach dtaitníonn an post áirithe sin leo!

Ainm	Post	Taitníonn (Cén fáth?)	Ní thaitníonn (Cén fáth?)	Ceart go leor (Cén fáth?)

© OÉ Má Nuad

Bileog 5.7 An Aimsir Láithreach

Cuid A

Féach ar na briathra seo a bhaineann le cúrsaí oibre. Cad is brí leo?

Tosaigh	Cuir	Críochnaigh
Buail le	Scríobh	Ith
Ól	Téigh *	Freagair

Cuid B

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na deirí cearta a chur leis na briathra thuas? Leanaigí an sampla sa chéad cholún. Tá dhá ghrúpa briathra ann: siolla amháin agus dhá shiolla.

Siolla amháin

Cuir Cuirim Cuireann tú Cén t-am a chuireann tu?	_____ _____ _____ _____ _____	_____ _____ _____ _____ _____ ___	_____ _____ _____ _____ _____ ___	_____ _____ _____ _____ _____ ___	_____ _____ _____ _____ _____ ___

Dhá shiolla

Tosaigh Tosaím Tosaíonn tú Cén t-am a thosaíonn tú?	_____ _____ _____ _____ _____ ___	_____ _____ _____ _____ _____ ___

Cuid C

An bhfuil briathar ar bith eile a bhaineann le cúrsaí oibre ar eolas agaibh?



**** Bígí cúramach! Tá an briathar 'téigh' neamhrialta.***

Bileog 5.8 Cén t-am a . . .?

Cuid A

Féach ar na briathra sa cholún ar chlé agus na hainmfhocail sa cholún ar dheis. An dtuigeann tú iad?

Tosaím	Tae	Ríomhphost
Ithim	Caife	Bainisteoir
Críochnaím	Cairde	Bialann
Ólaim	Guthán	Cruinniú
Freagraím	Ríomhaire	
Téim	Lón	
Scríobhaim (chuig)	Abhaile	
Cuirim	Obair	
Buailim le	Litir	
Déanaim	Comhoibrithe	

Cuid B

Anois bain úsáid as na briathra agus na focail sa bhosca chun abairtí iomlána a scríobh faoi cad a dhéanann tú san obair ag na hamanna éagsúla.

Ná déan dearmad ar na frásaí úsáideacha seo:

gnóthach cairdiúil go deas
leadránach taitníonn sé liom suimiúil
tuirseach ar siúl ar an bhus

_____

_____

_____

_____

_____

_____



Cuid C

Labhair leis an duine in aice leat le fáil amach cad a dhéanann seisean/sise san obair ag na hamanna éagsúla.

© OÉ Gaillimh Nuad

Bileog 5.9 An tAinmfhocal *Bliain*

Cuid A

1	2	3-6	7-10	20/30 ….

Cad iad na hathruithe a thagann ar an fhocal 'bliain' idir 1 agus 10? Cuir an fhoirm cheart den fhocal sna boscaí cearta thuas.

bliain amháin

bliana

bhliain

mbliana

bliain

Cuid B

Anois scríobh i bhfocail:

8yrs _____

16yrs _____

23yrs _____

4yrs _____

33yrs _____

50yrs _____

65yrs _____

48yrs _____

72yrs _____

© OÉ Má Nuad

Bileog 5.10 Agallamh na Seachtaine

Cuid A

Cloisfidh tú na focail atá sa chiorcal thíos ar an téip i gceann cúpla bomaite. Scríobh an focal ceart sna bearnaí in aice leis na sainmhínithe.

An t-airgead a fhaigheann tú as obair a dhéanamh gach mí: _____

Ag obair duit féin: _____

Am saor ón obair: _____

Nuair a fhaigheann tú níos mó airgid as obair níos deacra a dhéanamh: _____

Post atá agat le tamall fada: _____

Laethanta saoire

Tuarastal

Post buan

Féinfhostaithe

Ardú céime

Cuid B

Anois, éist le Sinéad ag cur agallaimh ar Éamonn Breathnach faoina chuid oibre agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén post ata ag Éamonn?

Dochtúir **Fiaclóir** **Dlíodóir** **Meicneoir**

2. Cén fhad a bhí sé ag obair sa phost deireanach?

7 mbliana **Bliain** **10 mbliana** **5 bliana**

3. Cé mhéad laethanta saoire atá aige?

Seachtain **2 sheachtain** **7 seachtaine** **3 seachtaine**

© Ó Má N

Bileog 5.11 DUINE A

Seo alt ón idirlíon faoi bhean a bhog go dtí an Iodáil le saol bog a bheith aici! Ach, síleann sí go fóill go bhfuil a saol róchrua! Tá bearnaí agatsa san alt agus tá an t-eolas a théann sna bearnaí sin ag B. Léigí an t-alt le chéile – léifidh duine A an chéad abairt, duine B an dara habairt agus mar sin de chun na bearnaí sin a líonadh.

An Saol Laethúil san Iodáil

19 Eanáir 2007

Nuair a chuireann duine ceist orm ‘Cad é mar atá tú?’, an freagra a bhíonn agam de ghnáth ná ‘Tá mé tuirseach’. Agus sin mar atá le fada. Cén dóigh? Féach ar mo shaol laethúil:

6:45 Éirím, músclaím Ross, cuirim an ríomhaire ar siúl, glacaim cithfholcadh. (A)

7:15 Ólaim caife, _____ agus triomaím mo chuid gruaige. (B)

7:30 Fágaim Ross ag an bhus ag 7:35. (A)

7:55 Ceannaím an páipéar nuachta agus téim ar an traein. (B)

8:17 Fágann an traein an stáisiún. Léim an páipéar agus déanaim giota beag oibre. (A)

9:10 Sroicheann an traein Milan, ansin _____ agus siúlaim ar feadh cúig bhomaite go dtí an oifig. (B)

10:00 Ólaim caife le mo chomhoibrithe. (A)

1:00 Ithim lón le mo chomhoibrithe nó le mo chairde. Glacann sé 40 bomaite nó mar sin má ithim san oifig ach bíonn lón níos faide agam má ithim amuigh. (B)

5:30 Críochnaím mo chuid oibre agus fágaim an oifig leis an *metro* a fháil go dtí Stáisiún Lárnach Milan. (A)

7:30 Sroichim an teach. _____, cuirim an ríomhaire ar siúl arís agus déanaim an dinnéar. (B)

Pléigh leis an duine in aice leat: an bhfuil saol bog ag an bhean seo?

© OÉ Má Nu

Bileog 5.11 DUINE B

Seo alt ón idirlíon faoi bhean a bhog go dtí an Iodáil le saol bog a bheith aici! Ach, síleann sí go fóill go bhfuil a saol róchrua! Tá bearnaí agatsa san alt agus tá an t-eolas a théann sna bearnaí sin ag A. Léigí an t-alt le chéile – léifidh duine A an chéad abairt, duine B an dara habairt agus mar sin de chun na bearnaí sin a líonadh.

An Saol Laethúil san Iodáil

19 Eanáir 2007

Nuair a chuireann duine ceist orm 'Cad é mar atá tú?', an freagra a bhíonn agam de ghnáth ná 'Tá mé tuirseach'. Agus sin mar atá le fada. Cén dóigh? Féach ar mo shaol laethúil:

6:45 Éirím, músclaím Ross, _____, glacaim cithfholcadh. (A)

7:15 Ólaim caife, glanaim an teach agus triomaím mo chuid gruaige. (B)

7:30 Fágaim Ross ag an bhus ag 7:35. (A)

7:55 Ceannaím an páipéar nuachta agus téim ar an traein. (B)

8:17 Fágann an traein an stáisiún. _____ agus déanaim giota beag oibre. (A)

9:10 Sroicheann an traein Milan, ansin téim ar an *metro* agus siúlaim ar feadh cúig bhomaite go dtí an oifig. (B)

10:00 Ólaim caife le mo chomhoibrithe. (A)

1:00 Ithim lón le mo chomhoibrithe nó le mo chairde. Glacann sé 40 bomaite nó mar sin má ithim san oifig ach bíonn lón níos faide agam má ithim amuigh. (B)

5:30 _____ agus fágaim an oifig leis an *metro* a fháil go dtí Stáisiún Lárnach Milan. (A)

7:30 Sroichim an teach. Ním m'aghaidh, cuirim an ríomhaire ar siúl arís agus déanaim an dinnéar.

Pléigh leis an duine in aice leat: an bhfuil saol bog ag an bhean seo?

© OÉ Má Nuad

Bileog 5.11 An t-alt iomlán

Seo alt ón idirlíon faoi bhean a bhog go dtí an Iodáil le saol bog a bheith aici! Ach, síleann sí go fóill go bhfuil a saol róchrua!

An Saol Laethúil san Iodáil

19 Eanáir 2007

Nuair a chuireann duine ceist orm ‘Cad é mar atá tú?’, an freagra a bhíonn agam de ghnáth ná ‘Tá mé tuirseach’. Agus sin mar atá le fada. Cén dóigh? Féach ar mo shaol laethúil:

6:45 Éirím, músclaím Ross, cuirim an ríomhaire ar siúl, glacaim cithfholcadh.

7:15 Ólaim caife, glanaim an teach agus triomaím mo chuid gruaige.

7:30 Fágaim Ross ag an bhus ag 7:35.

7:55 Ceannaím an páipéar nuachta agus téim ar an traein.

8:17 Fágann an traein an stáisiún. Léim an páipéar agus déanaim giota beag oibre.

9:10 Sroicheann an traein Milan, ansin téim ar an *metro* agus siúlaim ar feadh cúig bhomaite go dtí an oifig.

10:00 Ólaim caife le mo chomhoibrithe.

1:00 Ithim lón le mo chomhoibrithe nó le mo chairde. Glacann sé 40 bomaite nó mar sin má ithim san oifig ach bíonn lón níos faide agam má ithim amuigh.

5:30 Críochnaím mo chuid oibre agus fágaim an oifig leis an *metro* a fháil go dtí Stáisiún Lárnach Milan.

7:30 Sroichim an teach. Ním m’aghaidh, cuirim an ríomhaire ar siúl arís agus déanaim an dinnéar.

© OÉ Má Nu

Bileog 5.12 *Ar feadh* agus *Le*

Cuid A

Is féidir '*ar feadh****' agus '****le****' a úsáid nuair atá tú ag caint faoi chúrsaí ama, ACH, baintear úsáid astu ag amanna difriúla.***

Féach ar an dá shampla thíos! An féidir leat an difear a mhíniú?

- **Bhí mé ag obair i leabharlann ar feadh trí bliana.**
- **Tá mé ag obair i mbialann anois le sé bliana.**

Anois déan féin agus an duine in aice leat iarracht *ar feadh* ***nó*** *le* ***a chur sna bearnaí thíos.***

Bhí mé ar laethanta saoire an bhliain seo caite _____ trí seachtaine.

Tá mé sa bhialann anois _____ dhá uair a chloig.

Tá mé ag déanamh an dinnéir gach tráthnóna do m'fhear céile _____ deich mbliana anuas.

Bhí mé ag obair mar mhúinteoir _____ fiche bliain.

Beidh mé ag dul ar laethanta saoire amárach _____ coicíse.

Is rúnaí mé anois _____ ocht mbliana anuas.

Cuid B

An féidir leat féin anois cúpla abairt a scríobh fút féin agus cá fhad a bhí tú ag obair in áiteanna difriúla? Cá fhad atá tú sa phost atá agat anois?

_____
_____
_____
_____
_____
_____

© OÉ Má Nuad

Bileog 5.13 An Saol Oibre

Cuid A

A. ***Scríobh eolas fút féin agus do chúlra oibre sa bhosca thíos faoi 'mé féin'. Is féidir leat samhlaíocht a úsáid.***
B. ***Nuair atá sin déanta agat siúil timpeall an ranga agus labhair le triúr eile sa rang le heolas faoina bpost féin a fháil agus cuir an t-eolas sin faoi na teidil 'Cara 1', 'Cara 2' agus 'Cara 3'.***

	Mé féin	**Cara 1**	**Cara 2**	**Cara 3**
Ainm				
Post				
Cá fhad sa phost?				
Laethanta saoire				
Eolas ar bith eile?				

© OÉ Má Nuad

Cuid B

Scríobh cuntas gearr faoi chara amháin a raibh tú ag caint leis/léi.

_____
_____
_____
_____
_____
_____

Bileog 5.14 Is Féidir…

Cuid A

Éist le Sinéad ag caint ar an téip agus scríobh liosta de na scileanna agus na teangacha atá aici.

_____ _____

_____ _____

_____ _____

Cuid B

Cuir na ceisteanna thíos san ord ceart agus roghnaigh an freagra ceart do gach ceist. Lean an sampla.

Sampla

snámh agat bhfuil An? Tá/Is féidir

An bhfuil snámh agat? *Tá*

****

agat An bhfuil Spáinnis? Níl/Ní féidir
_____

An ríomhaire leat a úsáid féidir? Tá/Is féidir
_____

carr leat An a thiomáint féidir? Níl/Ní féidir
_____

na Gaeilge agat bhfuil scríobh An? Tá/Is féidir
_____

An leat féidir a thuiscint Iodáilis? Níl/Ní féidir
_____

a chócaireacht An leat féidir stéig? Tá/Is féidir
_____

© OÉ Má Nuad